# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Cáisc 2026

## Bronnadh Seic



Bhí siúlóid 5K eagraithe ag Coiste An Chanal agus rinne siad €1030 ar an lá. Bhí an t-airgead a baileoidh ar an lá roinnte idir an scoil agus Páirc an Chanal. Buíochas le Niamh a tháinig isteach chun an seic a bronnadh ar an scoil.



D'eagraigh Coiste Tuismitheoirí na Scoile Coinnle na Nollag i Séipéal Chill Treasa le linn tréimhse na Nollag. Rinnedar €1375 ar fad. Chuaigh €687.50 ag an scoil agus bronnadh €687.50 ar Brothers of Charity.



## Bliots Liathróid Láimhe 12/2/26



Chuaigh na hArdranganna chuig Cill Chiaráin chun bliots liathróid láimhe a imirt. Bhí go leor bunscoileanna eile ann. D'éirigh le Molly, Olivia, Ian agus

James dhul chomh fada leis an gcluiche ceannais i gcomórtas na gcailíní agus i gcomórtas na mbuachaillí. Maith sibh a ghasúir!



## Féile Scoildrámaíocht 23/2/26



Ghlac Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra páirt sa bhFéile Scoildrámaíocht a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna leis an dráma 'An Tornapa Mór'. Ghlac Rang 3,4,5 agus 6 páirt sa bhféile freisin leis an dráma 'Tír na mBotún'. Bhuaigh 'An Tornapa Mór'an chéad áit ina rannóg agus bhuaigh Mamó (Orlaith) duais do na haisteoir is fearr! Bhuaigh 'Tír na mBotún' an chéad áit ina rannóg freisin agus fuair na Draíodíní duais don aisteoirí is fearr. Chuaigh an dráma sin ar aghaidh chuig Féile Chonnacht! Tá muid fíor bhródúil as na gasúir uilig!!!




## Pictiúrlann 5/3/26

Chuaigh na Naíonáin suas go dtí Rang a 3 isteach chuig an Eye Cinema chun Spongebog as Gaeilge a fheiceáil. Bhí an-lá acu agus iad ag ithe popcorn!



## Tráth na gCeist 5/3/26





Chuir Coiste na dTuismitheoirí tráth na gceist boird ar siúl Tigh Terry ar mhaithe leis an scoil. Bhailigh muid €744 ar an oíche! Míle buíochas le Neil Mac an Iomaire a bhí ag cur na gceisteanna agus leis an gcoiste a d'eagraigh an raifil.

## Seó Sorcais 6/3/26



Tháinig fear sorcais chuig an scoil i gcomhair Seachtain na Gaeilge. Rinne sé go leor cleasanna! Thaitin sé go mór le na gasúir.

## Lá Domhanda na Leabhar 6/3/26




Bhí an-lá againn ag ceiliúradh Lá Domhanda na Leabhar. Ghléas na gasúir suas mar charachtar ó leabhar. Bhí seó faisín againn sa halla!

## Féile Scoildrámaíocht Féile Cuige Chonnacht 10/3/26



Bhí Rang a 3 – Rang a 6 ar an stáitse arís leis an drama 'Tír na mBotún' i gcomórtas Féile Scoildramaíocht Chonnachta. Rinne na gasúir sár jab agus tá muid imithe tríd go dtí an comórtas náisiúnta a bheidh ar siúl i Muileann gCearr tar éis na Cásca !!!

## Ceoldráma SCC 12/6/26



Chuaigh na hArdranganna chuig Scoil Chuimsmitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua chun an seó Rún an Ghrá a fheiceáil. Bhí an-lá ag na gasúir.

## Paráid 17/3/26




Ghlac muid páirt sa bparáid arís i mbliana leis an téama Síscéalta Ros a' Mhíl. Bhí muid gléasta mar charachtair óna Trí Mhuicín, Trí Bhéar, Rapunséil, Cochaillín Dearg, Plúirín Sneachta agus Luaithríona. Tá muid fíor bhródúil as na gasúir uilig a tháinig amach ar son na scoile!!

## Lá Lus an Chrom Chinn 20/3/26



Bhí Lá Buí againn sa scoil chun airgead a bhailiú do Chumann Ailse na hÉireann. Bhí Rang Áine i gceannas ar

seo agus bhí siad ag bailiú airgid ar an lá agus ar líne i rith na míosa. Bhailigh siad €1394.90 uilig!!!! Maith sibh a ghasúir agus míle buíochas le chuile dhuine a thug tacaíocht dúinn.

## Stáisiúin na Cásca 26/3/26



Bhí an Naoínra linn le stáisiúin na Cásca. Bhí an-lá acu ag déanamh ealaíne, ag imirt cluichí agus ag cócaireacht. Bíonn na hardranganna iontach uilig ag tabhairt cúnaimh dúinn ar na laethanta seo. Maith sibh a ghasúir!

## Comhghairdeas !



Comhghairdeas mór le Foireann Faoi 13, Na Gaeil a bhuaigh an babhta ceannais sa tSraith ar an deireadh seachtaine! Tá muid chomh bródúil asaibh ar fad agus go mór mhór Fionn, Ian agus James!

## Lean na huimheacha!








*Ag guí Cáisc shona oraibh ar fad!*

*Foireann na Scoile*

**Athoscailt na scoile: 13/4/26**